

SEÁN'AC SÉAMUIS.

Fear abhí ann agus bhí athair caillte. Ní raibh an tathair a bhfad caillte. An- fhear abhí ann, toghadh na bhfear. Ní raibh aon chlann ag a mathair ach é. Ba ghearr ansoin gur cailleadh é fhéin agus bhí a mhathair an- uaigneach bhí bean siubhail a dhul thart ansoin agus bhí ingean an aoinfacht léithi.

Tháinig an bheirt acab isteach ag máthair Sheáin. Dubhairt a bheann tsubhail ansoin go raibh an-chás aici di. "Níl neart air" adeir a mháthair nior bheag dhuinn duine acab imtheacht uainn gan an bheirt acab imteacht uainn." "Bhoil" adeir a bhean tsiubhail "tá fear caillte ceart ach níl tfear caillte chor a' bith fós. Tiubhrfaidh mise as a' mbroinn a' mac ma ghealan tú dhom go dtiubhrfhaidh tú dho m'ingean le posadh é" "Tiubhrfaidh" adeir a mháthair "ní baoghal a' bith nach ndeanfaidh mé sin má tá tú i ndon é bhaint amach." "Ní bhainfidh tú amach é adeir an ingean mar níl tú 'ndon é bhaint amach ach ó tharla go bhfuil sé dhul dhá thabhairt dhomsa le posadh bainfidh mé fhéin amach é.

"Fuair sí soitheach teara ansoin agus chuir sí sean eudach uirthi fhéin agus chuimil sí an teara bog báithte 'sa sean éudach. Fuair sí leabaidh ansoin a raibh clúmthach innte agus romhnáil sí í fhéin 'sa gclumhach. Nuair a bhí an chlumhach ansoin greamuighthe 'sa néudach ní fhaca tú feic a'bith 'riamh ba breaghtha ná í. Bhvail léith ansoin agus ghléas sí suas trí cinn dhe bhratacha ar mhaidí agus chroch sí suas ar aghaidh dorus na bruidhne iad agus chuaidh sí féin i bhfolach taobh shiar dhe'n cheann ba fuide amach acab rud na raibh aon fheiceáil uirthi.

Nuair chonaic bainrioghan na bruidhne na bratachaí chaith sí saighead le ceann acab agus leag sí é. Chaith sí saighead leis an dara ceann agus leag sí é agus chaith sí saighead leis an triomhadh ceann agus leag sí é. Bhí an ingean le feiceáil aici ansoin. Nuair a chonnaic sí ansoin í labhair sí amach léithi mar seo

"Ar tú Deirde, Julia no Venus

nu bainrioghan Cheann Léime

nu bainrioghan na Binne Brice na

neach agus na n eúnla"

"Ní mé" adeir sí duine bith dhen méid sin

Ach sé m'athair Rí na hÉireann

Sí mo mhathair craobh gan aon locht

Sé m'uncail Gruagach na Gréine

Ach's fada ghluais mé treasna Éirinn

Ó chrue cruadhtha dho Cruaidh Bhinn Éadair

An áit ar crochadh Conán a Ghárda
A fear a bhfearr abhí ar na Fianna Éireann
Ar thoruingeacht mo lionán Seán 'Ac Séamuis
Cuir chugam amach é ma thogruigheann tú fhéin é.”
“Ní fhéadainn adeir sí tá bean trom o aréir uaidh
Go b’in é a taimsir nach mbéarfar ainras na heilide in easgail a tsléibhe.”
“Sé mo lionán Seán 'Ac Séamuis
Mac Shéamuis na gcaisleán agus na mba gléigeal
Agus cuir amach a’ é má togruigheann tú fhéin é.”
“Céurd a ceannóchaidh uait Seán 'Ac Séamus.”
“Breacadh na talmhana dhe bha agus de chaoire.
Chúig chéud each ar dhath a chéile
Cúig cheud gandal agus a gcúl a chur le chéile
Cúig cheud bairille dhe airgead na Réalaí
Cúig chéd bairille dhe’n ghainne is doimhne bfairrge
Agus iad a bheith le chéile”
“Sin rud nach féidir a dheanamh
Ach coinneóchaidh mé féin é.”
Go dteagaidh an mada ruadh agus
Go dtugadh sé do ghé leis
Go dteaga an dumlas mór agus
Go dtugfaidh sé tú féin leis
Sgoilteadh na each luachra
ort do dhá thaobh a thuitim ó chéile.”
A fháideóg”
Thuit a tanam as bainrioghan na bruidne ansoin agus cuireadh amach Seán 'Ac Séamuis.
Thug sí abhaile é agus pósadh iad agus mhair siad go maith deas le na chéile ina dhiadh sin.

Micilín

15/10/31.